2026/1698

13.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1698 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Iúil 2026

lena ndéantar foráil maidir le tacaíocht airgeadais éigeandála le haghaidh na n-earnálacha talmhaíochta a ndéanann teagmhais dhíobhálacha aeráide agus tubaistí nádúrtha difear dóibh sa Chipir, sa Chróit, sa Phortaingéil, sa Rómáin agus sa tSlóivéin, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle [1], agus go háirithe Airteagal 221(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le linn earrach agus shamhradh 2025, bhí tionchar ag roinnt teagmhais dhíobhálacha aeráide ar an gCróit. Bhí dhá thréimhse fhuara ann ag tús an tséasúir fáis, i lár mhí an Mhárta agus ag tús mhí Aibreáin, ina raibh sé ag cur seaca. Sa tréimhse chéanna, bhí barraíocht frasaíochta agus triomaigh ann freisin a rinne difear do tháirgeacht barr áirithe. Rinne éifeacht chomhcheangailte na gcruatan sin damáiste mór do tháirgeadh plumaí, cnónna coill, fíonghort, alfalfa agus biatas siúcra.

(2) Le linn mhíonna an tsamhraidh in 2025, bhí tionchar ag triomach tromchúiseach ar an gCipir, mar gheall ar easpa frasaíochta agus teas foircneach. Bhí an ganntanas báistí le sonrú cheana féin ó mhí na Bealtaine. Mhair an triomach ar feadh tréimhse fhada agus bhí tionchar do-aisiompaithe aige ar roinnt earnálacha agus barra talmhaíochta, rud a d'fhág gur tháinig laghdú mór ar tháirgeadh torthaí citris, bananaí, figí, pomagránaití, piorraí deilgneacha, fíonghort, ola olóige agus ológ boird, gránach, farae agus táirgí beachaireachta. Bhí sé ina chúis freisin le méadú mór ar chostais bheatha do bhó-ainmhithe, do chaoirigh agus do ghabhair.

(3) Le linn mhí Eanáir agus mhí Feabhra 2026, bhí tionchar ag stoirm Kristin ar an bPortaingéil. Bhí báisteach an-trom, gaotha láidre agus tonnta arda ina gcúis le tuilte agus teagmhais thromchúiseacha a bhaineann leis an aimsir agus a scrios talamh talmhaíochta agus bonneagar talmhaíochta. Bhí an stoirm ina cúis le caillteanais mhóra sa táirgeadh talmhaíochta. Na tionchair fhorleathana ar na limistéir inar tharla an stoirm, rinne siad difear do tháirgeadh talmhaíochta barr curaíochta, ola olóige agus ológ boird, torthaí agus glasraí, d'earnáil an fhíona agus d'earnáil an bheostoic.

(4) Le linn mhíonna an tsamhraidh in 2025, bhí tionchar ag teagmhais dhíobhálacha aeráide thromchúiseacha ar an Rómáin. D'fhulaing an Rómáin de bharr triomach tromchúiseach, a thosaigh i mí an Mheithimh agus a lean ar aghaidh go maith isteach i mí Lúnasa, agus tonnta teasa ann arís agus arís eile. Tharla an aimsir an-te an-tirim sin le linn thréimhse lánfhorbairt na mbarr, rud a rinne damáiste mór don arbhar Indiach agus do na lusanna gréine.

(5) Le linn earrach 2025, bhí tionchar ag dhá thréimhse fhuara ar an tSlóivéin i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin, nuair a bhí teochtaí faoi bhun an reophointe i roinnt áiteanna. Rinne éifeacht chomhcheangailte an dá bhabhta seaca sin ag tús na tréimhse fáis damáiste mór don táirgeadh úll.

(6) Leis an damáiste mór a rinne na teagmhais dhíobhálacha aeráide agus na tubaistí nádúrtha don talmhaíocht agus leis an gcaillteanas ioncaim a bhí ann dá dheasca sin do na táirgeoirí a bhí buailte sa Chipir, sa Chróit, sa Phortaingéil, sa Rómáin agus sa tSlóivéin, cuirtear inmharthanacht eacnamaíoch gabháltas talmhaíochta sna Ballstáit sin i mbaol.

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj).

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, beart eisceachtúil a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sonracha a d'eascair as na teagmhais dhíobhálach aeráide agus na tubaistí nádúrtha sa Chipir, sa Chróit, sa Phortaingéil, sa Rómáin agus sa tSlóivéin.

(8) Is fadhb shonrach iad na damáistí móra agus na caillteanais eacnamaíocha a d'fhulaing táirgeoirí talmhaíochta de dheasca teagmhais dhíobhálacha aeráide agus tubaistí nádúrtha de réir bhrí Airteagal 221 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 nach féidir aghaidh a thabhairt orthu go héasca le bearta a dhéantar de bhun Airteagal 219 nó Airteagal 220 den Rialachán sin. Níl baint shonrach ag an staid le suaitheadh uathúil sainaitheanta sa mhargadh ná le bagairt shonrach maidir leis an suaitheadh sin. Lena chois sin, ní staid í dá n-éilítear bearta lena ndéanfaí leathadh galar ainmhithe a chomhrac ná lena ndéanfaí an laghdú ar mhuinín tomhaltóirí a chomhrac i ngeall ar rioscaí sláinte don phobal, d'ainmhithe nó do phlandaí.

(9) Ba cheart an méid atá le cur ar fáil don Chipir, don Chróit, don Phortaingéil, don Rómáin agus don tSlóivéin a chinneadh trí aird a thabhairt go háirithe ar ualú sonrach an Bhallstáit in earnáil talmhaíochta an Aontais, ar bhonn na nglan-uasteorainneacha le haghaidh íocaíochtaí díreacha a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), chomh maith le haird a thabhairt ar thionchar na dteagmhas díobhálach aeráide agus na dtubaistí nádúrtha sa Chipir, sa Chróit, sa Phortaingéil, sa Rómáin agus sa tSlóivéin.

(10) Ba cheart don Chipir, don Chróit, don Phortaingéil, don Rómáin agus don tSlóivéin an tacaíocht airgeadais éigeandála a dháileadh trí na bealaí is éifeachtaí ar bhonn critéir oibiachtúla, chothroma agus neamh-idirdhealaitheacha, ar critéir iad lena gcuirtear san áireamh méid na ndeacrachtaí agus an damáiste eacnamaíoch iarbhír ar a bhfuil aghaidh á tabhairt ag na feirmeoirí a ndéantar difear dóibh, amhail, mar shampla, íoschéatadán de chaillteanais táirgeachta san earnáil incháilithe nó sna barra incháilithe. Ba cheart dóibh a áirithiú gurb iad na feirmeoirí a ndéantar difear dóibh a thairbheoidh den tacaíocht airgeadais éigeandála ar deireadh agus ba cheart dóibh aon saobhadh ar an margadh nó ar an iomaíocht a sheachaint.

(11) Ós rud é nach rachadh an méid atá le leithdháileadh ar an gCipir, ar an gCróit, ar an bPortaingéil, ar an Rómáin agus ar an tSlóivéin i ngleic ach go páirteach leis na deacrachtaí eacnamaíocha atá roimh na feirmeoirí a ndéantar difear dóibh, ba cheart cead a bheith ag an gCipir, ag an gCróit, ag an bPortaingéil, ag an Rómáin agus ag an tSlóivéin tacaíocht náisiúnta bhreise a dheonú do na feirmeoirí sin, faoi na coinníollacha a leagtar síos leis an Rialachán seo.

(12) Chun an tsolúbthacht a thabhairt don Chipir, don Chróit, don Phortaingéil, don Rómáin agus don tSlóivéin an tacaíocht airgeadais éigeandála ón Aontas a dháileadh de réir mar a éilíonn imthosca na bhfeirmeoirí a ndéantar difear dóibh, ba cheart cead a bheith ann an tacaíocht airgeadais éigeandála sin a charnadh le tacaíocht eile arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, gan róchúiteamh a dhéanamh leis na feirmeoirí a ndéantar difear dóibh.

(13) Chun an róchúiteamh a sheachaint, ba cheart don Chipir, Chróit, don Phortaingéil, don Rómáin agus don tSlóivéin an tacaíocht a chur san áireamh arna deonú faoi ionstraimí tacaíochta náisiúnta eile nó faoi ionstraimí tacaíochta eile de chuid an Aontais nó faoi scéimeanna árachais phríobháidigh chun freagairt do na caillteanais eacnamaíocha a fulaingíodh.

(14) Ós rud é gur in euro a shocraítear tacaíocht airgeadais éigeandála an Aontais, chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach comhuaineach a áirithiú, is gá dáta a shocrú chun an méid a leithdháilfear ar Bhallstát nár ghlac an euro mar a airgeadra náisiúnta a chomhshó go hairgeadra náisiúnta, mar is amhlaidh i gcás na Rómáine. Ós rud é nach ndéantar foráil sa Rialachán seo maidir le sprioc-am chun na hiarratais ar thacaíocht airgeadais éigeandála a chur isteach, is iomchuí, chun críocha Airteagal 30(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún ([3]), dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a mheas ina theagmhas oibríochtúil le haghaidh an ráta malairte maidir leis na méideanna a leagtar amach sa Rialachán seo.

([2]) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 20, 31.1.2022, lch. 95; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/127/oj).

(15) Chun éifeachtacht an bhirt eisceachtúil sin a áirithiú, ba cheart do thairbhithe an tacaíocht airgeadais éigeandála a fháil go tapa. Ina theannta sin, ba cheart faireachán tráthúil ar bhuiséad an Aontais a áirithiú chomh maith le bearta leantacha cothrom le dáta agus úsáid éifeachtúil an chúlchiste talmhaíochta, agus, ar an gcaoi sin, infhaighteacht an chúlchiste a uasmhéadú agus feabhas a chur ar an acmhainneacht freagairt go pras do ghéarchéimeanna a thagann chun cinn. Dá bhrí sin, is iomchuí dáta incháilitheachta a shainiú do na Ballstáit chun an tacaíocht sin a íoc leis na tairbhithe. Aon íocaíocht a dhéanfar tar éis an dáta sin, ba cheart a mheas go bhfuil sí neamh-incháilithe do mhaoiniú ón Aontas.

(16) Dá bhrí sin, níor cheart don Aontas an caiteachas a thabhóidh an Chipir, an Chróit, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóivéin faoin mbeart eisceachtúil sin a mhaoiniú ach amháin i gcás ina ndéanfar an caiteachas sin faoi dháta incháilitheachta áirithe. Dá bhrí sin, ba cheart an tacaíocht airgeadais éigeandála ón Aontas a íoc faoin 28 Feabhra 2027.

(17) Ó tharla nach measfar aon íocaíocht a dhéanfar tar éis an 28 Feabhra 2027 a bheith incháilithe, níl feidhm le bheith ag Airteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127, lena ndéantar foráil maidir le laghdú comhréireach ar na híocaíochtaí míosúla a dhéantar tar éis an sprioc-ama.

(18) Ba cheart don Chipir, don Chróit, don Phortaingéil, don Rómáin agus don tSlóivéin faisnéis mhionsonraithe faoi chur chun feidhme an Rialacháin seo a chur in iúl don Choimisiún, go háirithe tuairisc ar na bearta, ar na critéir a úsáidtear chun na hearnálacha agus na barra talmhaíochta incháilithe a chinneadh, agus ar na limistéir gheografacha a ndéantar difear dóibh, chun é a chur ar a chumas don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar éifeachtúlacht an bhirt a thugtar isteach leis an Rialachán seo.

(19) Chun a áirithiú go bhfaighidh feirmeoirí tacaíocht airgeadais éigeandála a luaithe is féidir, ba cheart é a chur ar a gcumas don Chipir, don Chróit, don Phortaingéil, don Rómáin agus don tSlóivéin an Rialachán seo a chur chun feidhme gan mhoill. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(20) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Beidh tacaíocht airgeadais éigeandála ón Aontas dar méid iomlán EUR 56 600 000 ar fáil don Chipir, don Chróit, don Phortaingéil, don Rómáin agus don tSlóivéin mar thacaíocht eisceachtúil d'fheirmeoirí faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo.

2. Maidir le caiteachas an Aontais arna thabhú i gcomhréir leis an Rialachán seo, ní rachaidh sé thar na méideanna iomlána seo a leanas:

(a) EUR 4 600 000 i gcás na Cipire;

(b) EUR 4 400 000 i gcás na Cróite;

(c) EUR 30 000 000 i gcás na Portaingéile;

(d) EUR 14 800 000 i gcás na Rómáine;

(e) EUR 2 800 000 i gcás na Slóivéine.

3. Úsáidfidh an Chipir, an Chróit, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóivéin na méideanna dá dtagraítear i mír 2 le haghaidh bearta arb é is aidhm dóibh na feirmeoirí is mó a ndéantar difear dóibh a chúiteamh as a gcaillteanais eacnamaíocha a d'eascair as teagmhais dhíobhálacha aeráide agus tubaistí nádúrtha in 2025 agus 2026 agus a raibh tionchar acu ar inmharthanacht a bhfeirmeacha.

Tá na barra talmhaíochta nó na hearnálacha talmhaíochta seo a leanas incháilithe do thacaíocht airgeadais éigeandála ón Aontas:

(a) sa Chróit: plumaí, cnónna coill, fíonghoirt, alfalfa agus biatas siúcra;

(b) sa Chipir: torthaí citris, bananaí, figí, pomagránaitĺ, piorraí deilgneacha, fíonghoirt, ola olóige agus ológa boird, gránaigh, barra farae, beachaireacht, bó-ainmhithe, caoirigh agus gabhair;

(c) sa Phortaingéil: barra curaíochta, ola olóige agus ológa boird, torthaí agus glasraí, earnáil an fhíona agus earnáil an bheostoic;

(d) sa Rómáin: lusanna na gréine agus arbhar Indiach;

(e) sa tSlóivéin: úlla.

4. Déanfar na bearta dá dtagraítear i mír 3 a chur chun feidhme ar bhonn critéir oibiachtúla chothroma neamh-idirdhealaitheacha, ar critéir iad lena gcuirfear san áireamh na caillteanais eacnamaíocha iarbhír a sheasann na feirmeoirí a ndéantar difear dóibh. Beidh na bearta de chineál nach mbeidh na híocaíochtaí a thiocfaidh astu ina gcúis le haon saobhadh ar an margadh ná ar an iomaíocht.

5. Beidh an tacaíocht airgeadais éigeandála dá bhforáiltear faoin Rialachán seo teoranta do chúiteamh a thabhairt d'fheirmeoirí as caillteanais ioncaim a eascraíonn go díreach as damáiste do na hearnálacha incháilithe agus do tháirgeadh barr. Ní bheidh aon chaillteanas eacnamaíoch eile incháilithe do thacaíocht faoin Rialachán seo.

6. I gcás nach iad na feirmeoirí a thairbheoidh go díreach den tacaíocht airgeadais éigeandála ón Aontas, áiritheoidh an Chipir, an Chróit, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóivéin go gcuirfear leas eacnamaíoch na tacaíochta sin ar aghaidh ina iomláine chuig na feirmeoirí.

7. An caiteachas a sheasfaidh an Chipir, an Chróit, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóivéin dá dtagraítear i mír 2 i ndáil leis na híocaíochtaí i leith na mbeart dá dtagraítear i mír 3, ní bheidh sé incháilithe don tacaíocht airgeadais éigeandála ón Aontas ach amháin má dhéantar na híocaíochtaí sin faoin 28 Feabhra 2027.

8. Chun críocha Airteagal 30(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127, is é dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo an teagmhas oibríochtúil le haghaidh an ráta malairte a mhéid a bhaineann leis na méideanna a leagtar amach in Airteagal 1(2), pointe (d) den Rialachán seo.

9. Féadfar an tacaíocht airgeadais éigeandála ón Aontas faoin Rialachán seo a charnadh in éineacht le tacaíocht eile arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe.

10. Féadfaidh an Chipir, an Chróit, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóivéin tacaíocht náisiúnta bhreise a dheonú le haghaidh na mbeart arna ndéanamh faoi mhír 3 suas le huasmhéid 200 % de na méideanna a leagtar amach i mír 2, ar bhonn na gcritéar oibiachtúil neamh-idirdhealaitheach céanna, ar choinníoll nach mbeidh na híocaíochtaí a thiocfaidh astu ina gcúis le haon saobhadh ar an margadh ná ar an iomaíocht, ná le róchúiteamh. Beidh na barra talmhaíochta agus na hearnálacha talmhaíochta a bheidh incháilithe do thacaíocht náisiúnta bhreise mar an gcéanna leo siúd a bheidh incháilithe don tacaíocht airgeadais éigeandála ón Aontas. Íocfaidh an Chipir, an Chróit, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóivéin an tacaíocht náisiúnta bhreise faoin 30 Aibreán 2027.

11. Chun an róchúiteamh a sheachaint, agus tacaíocht airgeadais á deonú faoin Rialachán seo, cuirfidh an Chipir, an Chróit, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóivéin san áireamh an tacaíocht arna deonú faoi ionstraimí tacaíochta náisiúnta eile nó faoi ionstraimí tacaíochta eile de chuid an Aontais nó faoi scéimeanna príobháideacha chun freagairt do na caillteanais eacnamaíocha lena mbaineann.

Airteagal 2

1. Gan mhoill, agus tráth nach déanaí ná an 31 Deireadh Fómhair 2026, tabharfaidh an Chipir, an Chróit, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóivéin fógra don Choimisiún faoin méid seo a leanas i ndáil leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 1(3):

(a) tuairisc ar na bearta atá le déanamh;

(b) na critéir a úsáidtear chun na hearnálacha agus na barra talmhaíochta incháilithe agus na limistéir gheografacha a ndéantar difear dóibh a chinneadh;

(c) na critéir a úsáidtear chun na feirmeoirí incháilithe a chinneadh don tacaíocht airgeadais éigeandála agus na méideanna gaolmhara;

(d) na modhanna agus an próiseas a úsáidtear chun an tacaíocht airgeadais éigeandála ón Aontas a dháileadh ar fheirmeoirí;

(e) an tionchar atá beartaithe leis na bearta i bhfianaise feirmeoirí a chúiteamh as caillteanais eacnamaíocha a eascraíonn as táirgeadh a cailleadh;

(f) na bearta a rinneadh lena fhíorú go mbainfear amach leis na bearta an tionchar atá beartaithe;

(g) na bearta a rinneadh chun an saobhadh ar an iomaíocht agus an róchúiteamh a sheachaint;

(h) an réamhaisnéis maidir le híocaíochtaí chaiteachas an Aontais arna miondealú in aghaidh na míosa go dtí an 28 Feabhra 2027;

(i) leibhéal na tacaíochta náisiúnta breise arna deonú de bhun Airteagal 1(9);

(j) na bearta atá le déanamh chun incháilitheacht feirmeoirí a rialú agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

2. Tráth nach déanaí ná an 31 Iúil 2027, tabharfaidh an Chipir, an Chróit, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóivéin fógra don Choimisiún faoi na méideanna iomlána a íocadh in aghaidh an bhirt, i gcás inarb infheidhme, arna miondealú de réir na tacaíocht airgeadais éigeandála ón Aontas agus de réir tacaíocht náisiúnta bhreise, líon agus cineál na dtairbhithe agus measúnú ar éifeachtacht an bhirt.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN